Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 33

# Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc.

Tá an táirgeacht chaiteachais curtha i gcomparáid leis na suimeanna

a) a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain, agus
b) curtha ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2013 as leithreasaí gan chaitheamh 2012 faoin socrú do ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €1.6 milliún dlite i gcomhair géillte don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina bpáirt den chuntas seo.

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta**

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is móite den méid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Níl maoine stairiúla ar leith cosúil le páirceanna náisiúnta, agus sócmhainní oidhreachta cosúil le déantáin agus lámhscríbhinní, luacháilte.

**Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach**

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá at fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas ar bith de rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht um rialú, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, in áit:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta,
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú, agus
- tá Coiste Iniúchóireachta in áit chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí,
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn,
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú,
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal, agus
- cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Seosamh Ó hÁghmaill**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

31 Márta 2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht  don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Lúnasa 2014

# Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán | | 125,479 | 125,445 | 133,073 |
| B | Oidhreacht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 47,031 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | 48,231 | 48,146 | 46,002 |
| C | An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin | | 41,960 | 41,849 | 44,012 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | | 40,290 | 40,172 | 42,696 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 254,760 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | **255,960** | **255,612** | **265,783** |
| | **Lúide** | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **4,525** | **5,778** | **5,938** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 250,235 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | | | |
| | | | **251,435** | **249,834** | **259,845** |

**Barrachas i gcomhair géillte**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlain fheidhmithe dlite i gcomhair géillte don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasaí do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 1,601,228 | 3,927,344 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (1,200,000) |
| Barrachas le géilleadh | 1,601,228 | 2,727,344 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 29,599 | 30,183 | 30,513 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,414 | 1,104 | 1,238 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 955 | 462 | 493 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 639 | 535 | 552 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 2,255 | 2,020 | 973 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 693 | 809 | 726 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 124 | 61 | 45 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 510 | 387 | 270 |
| | | 36,189 | 35,561 | 34,810 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 220,050 | 230,974 |
| Pá[1] | | 30,486 | 30,783 |
| Neamhphá | | 5,076 | 4,026 |
| **Ollchaiteachas** | | **255,612** | **265,783** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,778** | **5,938** |
| **Glanchaiteachas** | | **249,834** | **259,845** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead Ceannachán | (2,770) | | |
| Dímheas | 1,119 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 198 | | |
| | | (1,453) | 26 |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (19) | (9) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (426) | | |
| Méadú ar stoc | (113) | | |
| | | (539) | (266) |
| **Caiteachas díreach** | | **247,823** | **259,596** |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 9,862 | 9,706 |
| Measchíosanna | | 4,179 | 4,206 |
| **Glanchostas an chláir** | | **261,864** | **273,508** |

[1] Áiríonn an figiúr pá do 2013 tuarastail d'Uachtaránacht an AE arb ionann é agus €303,000 (2012:€270,000).

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 agus a íocadh in áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 3,602 | 3,646 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 5,438 | 5,285 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 605 | 620 |
| Ciste Lárnach - pinsin Aireachta | m | 187 | 155 |
| | | 9,862 | 9,706 |

Léiríonn "m" gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 Clár Comhordaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 50,077 | 40,172 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | — | 8,607 |
| | | **50,077** | **48,779** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 832 | 1,096 |
| Stoic | 2.5 | 338 | 225 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,417 | 2,167 |
| Ioncam fabhraithe | | 242 | 181 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,895 | 2,039 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **5,724** | **5,708** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 1,426 | 1,541 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 2,543 | 1,603 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 184 | 1,532 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | **4,153** | **4,676** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,571 | 1,032 |
| **Glansócmhainní** | | **51,648** | **49,811** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **51,648** | **49,811** |

| **2.1 Cuntas Chiste an Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 49,811 | 49,688 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar an Mheastacháin | Cuntas | 251,435 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,601) | | |
| Vóta glan | | | 249,834 | 259,845 |
| **Earraí eile neamhairgid** | | | | |
| Aistriú chuig ranna eile | | | — | (5) |
| Coigeartú i gcás sócmhainní níos lú ná €1,000 | | (397) | | (121) |
| Glan-choigeartú i gcás sócmhainní nár taifeadadh roimhe seo | | 223 | (174) | — |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áit eile | 1 | | 9,862 | 9,706 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 4,179 | 4,206 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (261,864) | (273,508) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **51,648** | **49,811** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus innealra | Trealamh Oifige agus TF[1] | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2013 | 36,241 | 8,771 | 6,423 | 4,445 | 55,880 |
| Breiseanna | 9,485 | 32 | 1,813 | 66 | 11,396 |
| Coigeartú sócmhainne[2] | — | 502 | 137 | 269 | 908 |
| Coigeartú sócmhainne[3] | — | — | — | (397) | (397) |
| Athrangú sócmhainní | — | (2) | 2 | — | — |
| Diúscairtí | (9) | (1,691) | (255) | (326) | (2,281) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2013 | 45,717 | 7,612 | 8,120 | 4,057 | 65,506 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2013 | 191 | 7,660 | 5,598 | 2,259 | 15,708 |
| Dímheas don bhliain | 83 | 252 | 628 | 156 | 1,119 |
| Coigeartú sócmhainne[2] | — | 496 | 124 | 65 | 685 |
| Coigeartuithe as Athaicmiú | — | (1) | 1 | — | — |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1) | (1,635) | (243) | (204) | (2,083) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2013 | 273 | 6,772 | 6,108 | 2,276 | 15,429 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2013** | **45,444** | **840** | **2,012** | **1,781** | **50,077** |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2012** | **36,050** | **1,111** | **825** | **2,186** | **40,172** |

[1] Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhís bainistithe IT le haghaidh shócmhainní TF na Rannóige Oidhreachta thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus déantar iad a thaifeadadh ar a chlár sócmhainní. Cuirfidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tús le próiseas in 2014 chun sceideal aontaithe na sócmhainní oidhreachta TFC go léir arna mbainistiú thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a thiomsú i gcás ina ndéantar téarmaí na seirbhíse bainistithe TFC reatha a athrú nó i gcás go scoirtear de sa todhchaí agus go mbíonn gá sócmhainní a aistriú.

[2] Rinneadh an coigeartú seo i ndiaidh fardail de na sócmhainní go léir atá faoi smacht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a d'aithin sócmhainní áirithe nár taifeadadh ar an gclár sócmhainní roimhe sin.

[3] Tharla an coigeartú mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar shócmhainní oidhreachta a bhí luacháilte roimhe sin i dTeach Chill Airne agus a raibh luach costais níos lú ná €1,000 ag baint leo. Ní raibh aon dímheas le déanamh ar na sócmhainní sin agus baineadh iad den chlár sócmhainní ag teacht le Ciorclán na Roinne Airgeadais 02/04 ina n-éilítear caipitliú ar shócmhainní ar fiú €1,000 nó níos mó iad.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| ar an 31 Nollaig | Aerstráicí á bhForbairt |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2013 | 8,607 |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain | 19 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | (8,626) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2013 | — |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 835 | 1,110 |
| Orduithe gan réiteach | (3) | (14) |
| | 832 | 1,096 |

## 2.5 Stoic

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 64 | 59 |
| Breoslaí agus leasacháin | 33 | 34 |
| Stáiseanóireacht | 25 | 33 |
| Tomhaltáin trealaimh | 10 | 11 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 11 | 10 |
| Tomhaltáin TF | 35 | 20 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 113 | 58 |
| Beostoc | 47 | — |
| | 338 | 225 |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Ciste Comhshaoil | 1,059 | 1,203 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 19 | 270 |
| Scéim na gCoillte Dúchasacha | 42 | 256 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 775 | 310 |
| | 1,895 | 2,039 |

## 2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 430 | 445 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 208 | 206 |
| Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla | 156 | 153 |
| Cáin Bhreisluacha | 130 | 87 |
| Asbhaintí pinsin | 10 | 12 |
| | 934 | 903 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 411 | 411 |
| Aran LIFE | 865 | — |
| Eile | 333 | 289 |
| | 2,543 | 1,603 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 1,601 | 2,727 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 1,200 |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (1,417) | (2,395) |
| Glandliteanas don Státchiste | 184 | 1,532 |

**Ionannaithe ag:**

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 832 | 1,096 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,895 | 2,039 |
| | 2,727 | 3,135 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (934) | (903) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,609) | (700) |
| | (2,543) | (1,603) |
| | 184 | 1,532 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais ilréimseacha** | | |
| Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí | 30,908 | 29,422 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| | **Caiteachas 2003-2012** | **Caiteachas 2013** | **Na blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán 2013** | **Iomlán 2012** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ACCESS (deontais forbartha cultúir)[1] | 13,105 | 2,110 | 5,665 | 20,880 | 18,973 |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 51,710 | 1,249 | 2,358 | 55,317 | 53,638 |
| Cé Chill Rónáin | 43,578 | — | 256 | 43,834 | 43,833 |
| An Scéim Chúitimh um Scor de Bhaint Móna[2] | 1,269 | 2,042 | 17,661 | 20,972 | — |
| | 109,662 | 5,401 | 25,940 | 141,003 | 116,444 |

1 Tá ACCESS (Scéim Tacaíochta um Fheabhas ar na hEalaíona agus Caipiteal Cultúrtha) i bhfeidhm ó 2001. Tá sé leagtha amach chun cabhrú le soláthar bonneagar ealaíon agus cultúir ar ardchaighdeán agus chun tús áite a thabhairt d'fheabhas agus do chothabháil saoráidí reatha, agus tacaíocht a thabhairt ag an am céanna do thógálacha nua. Fuair aon thionscadal déag ar an iomlán maoiniú caipitil de €2 mhilliún faoin scéim in 2013. Níor tháinig méadú de bhreis is €500,000 ar aon cheangaltas ó 2012 go dtí 2013.

2 In Aibreán 2011, d'fhógair an Rialtais pacáiste cúitimh do lucht bainte móna ar chuir an cosc ar bhaint móna i bportaigh ardaithe i limistéir faoi chaomhnú speisialta isteach orthu. Ó bunaíodh scéim cúitimh cheadaithe an Rialtais, tá 5,199 íocaíocht chúitimh agus 503 leoraí móna seachadta go dtí seo. Rinneadh 2,028 de na híocaíochtaí sin agus 247 leoraí móna a sheachadadh in 2013. Níor tháinig aon cheangaltas chun cinn ar an scéim seo ag deireadh 2012, ag feitheamh ar shíniú comhaontuithe dlíthiúla arna ndéanamh ag gach iarratasóir leis an Aire ina slánaítear i gcoinne aon éilimh a dhéanfaidh tríú páirtithe ar chúiteamh sa todhchaí.

### 2.10 Dliteanais Aibithe

Ba €98,546 (2012 – €8,031) an meastachán de dhliteanais aibithe nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fho-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,639 | 4,967 | 4,985 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,337 | 1,017 | 905 |
| A.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | 53 | 48 | 40 |
| A.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | 1,280 | 1,195 | 1,547 |
| A.5. | Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (deontas i gcabhair) | 11,070 | 11,070 | 11,870 |
| A.6 | Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | 3,942 | 3,894 | 4,164 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | 5,290 | 5,362 | 6,367 |
| A.8 | Cultúr Éireann | 3,166 | 3,207 | 3,560 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) (deontas i gcabhair) | 60,602 | 60,602 | 63,241 |
| A.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann (deontas i gcabhair) | 11,674 | 11,674 | 12,585 |
| A.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (deontas i gcabhair) | 6,605 | 6,605 | 7,120 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann (deontas i gcabhair) | 14,858 | 14,858 | 15,690 |
| A.13 | Uachtaránacht an AE - An clár cultúir | 963 | 946 | 999 |
| | | **125,479** | **125,445** | **133,073** |

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Oidhreacht** | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 22,117 | 22,355 | 22,376 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 3,932 | 3,284 | 2,301 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,446 | 4,446 | 4,811 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | | 2,539 | 2,535 | 2,828 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 13,644 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | 14,844 | 15,173 | 13,313 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | | 353 | 353 | 373 |
| | | | **48,231** | **48,146** | **46,002** |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 2,981 | 2,938 | 3,256 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 969 | 734 | 786 |
| C.3 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | 8,223 | 8,266 | 8,789 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,200 | 4,327 | 4,612 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | 599 | 596 | 607 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta - riarachán | 9,009 | 9,009 | 9,871 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | 3,400 | 3,400 | 3,273 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 6,000 | 6,000 | 5,938 |
| C.9 | Na hOileáin | 6,579 | 6,579 | 6,880 |
| | | **41,960** | **41,849** | **44,012** |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Comhoibriú Thuaidh-Theas** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 162 | 226 | 166 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 52 | 40 | 34 |
| D.3 | An Foras Teanga | 14,613 | 14,443 | 15,397 |
| D.4 | Uiscebhealaí Éireann | 25,463 | 25,463 | 27,099 |
| | | **40,290** | **40,172** | **42,696** |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | An Chartlann Náisiúnta | 53 | 48 | 40 |
| 2. | Fáltais ilghnéitheacha | 350 | 742 | 956 |
| 3. | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean etc.) | 130 | 191 | 92 |
| 4. | Díol maoine | — | 4 | 8 |
| 5. | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 365 | 971 | 684 |
| 6. | Táillí/muirir a bhaineann le haerstráicí | — | — | 4 |
| 7. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 3,627 | 3,822 | 4,154 |
| | **Iomlán** | **4,525** | **5,778** | **5,938** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteideal sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

| **Cur Síos** | **Níos (lú)/mó ná mar a bhí measta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | 392 | Bhí leibhéal na bhfáltas pinsin le haghaidh asbhaintí aoisliúntais ó ghníomhaireachtaí de €664,000 níos mó ná an tsuim €275,000 a bhí measta ag an Roinn. |
| Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 606 | Is figiúr stairiúil é an meastachán agus léirítear é sin sna fáltais barrachais réadaithe. Tá gealltanas tugtha ag an Rialtais go ndéanfar athbhreithniú ar an meastachán. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 195 | Tharla an barrachas mar gheall ar níos mó asbhaintí a bhain le pinsean a ghlacadh ná mar a bhí measta. |

**4.2 Fáltais Bhreise Státchiste**

D'íoc an Roinn €13,138 leis an Státchiste (2012: €21,010). Cuimsíonn sé seo go príomha aisíocaíochtaí príomhshuime agus úis i ndáil le hiasachtaí do thithíocht Ghaeltachta.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Líon foirne na Roinne ag deireadh na bliana (cóibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinne | 566 | 576 |
| Gníomhaireachtaí | 928 | 981 |
| | 1,494 | 1,557 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 64,021 | 65,289 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 158 | 129 |
| Liúntais eile | 939 | 1,021 |
| Ragobair | 1,842 | 2,263 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,407 | 5,412 |
| **Pá Iomlán** | **72,367** | **74,114** |

Cuimsíonn an figiúr iomlán pá gnéithe pá ó na fo-mhírchínn seo a leanas: A1, A5, A9, A10, A11, A12, B1, B3, C1, C5, C6, D1, D3, D4.

Ní hionann figiúr pá an Státchiste mar atá nochta sna Meastacháin Athbhreithnithe agus iomláine an phá don líon foirne a nochtadh faoi Nóta 5. I gcás na gcomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh / Theas, maoiníonn na Ranna coimirce sa dá dhlínse an caiteachas ar phá ar bhonn pro-rata comhaontaithe.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 62 | 3 | 12,090 | 12,565 |
| Liúntais eile | 698 | 5 | 24,803 | 35,952 |
| Ragobair | 609 | 47 | 20,110 | 21,422 |

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach amháin.

Fuair daoine áirithe luach saothair breise in níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Athfhostaíodh sé státseirbhíseach, a bhí ar scor ar phinsin státseirbhíse, ar chostas iomlán de €52,616.

# 6 Ilghnéithe

**6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) (deontas i gcabhair) | 60,602 | 60,602 | 63,241 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,446 | 4,446 | 4,811 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,200 | 4,327 | 4,612 |
| | | 69,248 | 69,375 | 72,664 |

Tá liosta iomlán deontaithe faoi fo-cheannteideal C.4 ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (www.ahg.gov.ie).

**6.2 Costais Dlí**

Tá an costais dlí a íocadh le linn na bliana rangaithe mar seo a leanas

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí dlí | 23 | 109 |
| Costais chúitimh | 128 | 57 |
| | 151 | 166 |

**6.3 Díscríofa**

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe díscríobh a dhéanamh ar iarmhéid fiachais leagáide €213,818 maidir le cuntas fionraí Scéim na gCoillte Dúchasach, a théann siar go dtí roimh-2002.

**6.4 Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim**

Tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh agus nochtadh deonach gan leid, rinneadh íocaíocht €102,179 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2014. Bhain sé sin le dliteanas sochair chomhchineáil maidir leis an tréimhse 2011-13 a bhain go príomha le daoine a bhí ina gcónaí i gcóiríocht chónaithe nó in aice le páirceanna náisiúnta.ving in residential accommodation in or adjacent to national parks.

**6.5 Caillteanas Sócmhainní**

Tá an t-imscrúdú a chuir an Garda Síochána ar bun in 2012 maidir le caillteanas roinnt rudaí a bhí á stóráil go príobháideach thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fós ag dul ar aghaidh. Ní dhearnadh aon choigeartú ar na figiúirí taifeadta i nóta 2.2 ag feitheamh ar chur i gcrích imscrúdú na nGardaí.

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**7.1 Íocaíochtai i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláraus Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 4,948 | 5,392 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,411 | 2,598 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,514 | 2,627 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,197 | 1,253 |
| | 11,070 | 11,870 |

**7.2 Ciste Tiomnachta Crowley**

Ghlac an Stát leis an tiomnacht i 1997, le húsáid chun tabhairt faoi thionscadal a bhain le liostú, micreascannánú agus foilsiú Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815-1853. Baineann an táille ar an gciste le costais chaomhantais agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 411 | 459 |
| Fáltais | 67 | — |
| Íocaíochtaí | (67) | (48) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 411 | 411 |

**7.3 Ráiteas Iasachtaí do Thithíocht Ghaeltachta**

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir | | 207 | 218 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | | 5 | 4 |
| Díscríobh iasachtaí | | — | — |
| Díscríobh úis | | (2) | (2) |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (5) | | |
| Ús | (4) | (9) | (13) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig | | 201 | 207 |

## Aguisín

**Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu**

Tá an Roinn ag bainistiú sé láthair Páirce Náisiúnta faoi láthair, eadhon

1 Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
2 Páirc Náisiúnta Bhoirne
3 Páirc Náisiúnta Chonamara
4 Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
5 Páirc Náisiúnta Chill Airne
6 Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

In 2013, chuir an Roinn tús le tionscadal fadtéarma atá dírithe ar an bunachar sonraí leictreonach d'fhaisnéis ar mhaoine a fhorbairt i dtaca leis an talamh agus na foirgnimh atá faighte ag an Roinn.